Vóta 2020 agus Sinn Féin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas Shinn Féin. Cad is brí leis na teidil seo:

Sinn Féin
_____

Fianna Fáil
_____

Fine Gael
_____

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. united	a. *níl sé féaráilte*
2. objectives	b. *lainseáil oifigiúil*
3. Mansion House	c. *comhairle dlí*
4. official launch	d. *cinneadh conspóideach*
5. standing for/representing	e. *aontaithe*
6. radical change	f. *Teach an Ardmhéara*
7. controversial decision	g. *ag seasamh do*
8. legal advice	h. *na pobalbhreitheanna*
9. it's not fair	i. *cuspóirí*
10. the polls	j. *athrú radacach*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén áit ar seoladh feachtas Shinn Féin?
2. Cad iad na cuspóirí atá ag Sinn Féin, a luadh sa mhír?
3. Cad air a bhfuil aird na meán dírithe?
4. Cad a dúirt Pearse Doherty?
5. Cé mhéad iarrthóir atá ag Sinn Féin?
6. Cad a léiríonn na pobalbhreitheanna is deireanaí?

Ceist 4 '… Fáilte mhór **romhaibh**…'

Is é an 2ú pearsa iolra den fhorainm réamhfhoclach 'roimh' é an focal 'romhaibh'. Líon na bearnaí sa bhosca chun gach pearsa de na forainmneacha réamhfhoclacha thíos a léiriú.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bn.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
roimh							
ar							
ag							
de							
do							

Cluiche beag:

A. Cum deich n-abairt a bhfuil ar a laghad ceann amháin de na forainmneacha réamhfhoclacha thuas iontu.

Ní féidir le Seán dul amach anocht mar tá slaghdán air.

B. Léigh amach na habairtí don duine in aice leat ach GAN an forainm réamhfhoclach a rá.

*Ní féidir le Seán dul amach anocht mar tá slaghdán **beep**.*

C. Caithfidh an duine in aice leat an forainm réamhfhoclach a sholáthar duit.

Ceist 5 Céim eile – déan taighde!

Cén fáth a raibh cúis stairiúil le Teach an Ardmhéara a roghnú do lainseáil oifigiúil Shinn Féin?

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh in olltoghchán? Cén fáth?
2. Cén fáth nach gcaitheann daoine áirithe vóta, dar leat?
3. Cad a cheapann tú faoi chinneadh RTÉ agus Virgin – Fianna Fáil agus Fine Gael amháin a bheith acu don díospóireacht?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Sinn Féin – muid féin, ourselves
Fianna Fáil – warriors/soldiers of destiny/Ireland
Fine Gael – family/tribe of the Gaels

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	i	f	b	g	j	d	c	a	h

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bn.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
ar	orm	ort	air	uirthi	orainn	oraibh	orthu
ag	agam	agat	aige	aice	againn	agaibh	acu
de	díom	díot	de	di	dínn	díbh	díobh
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh

Ceist 5

Bunaíodh an Chéad Dáil in Éirinn ar an aonú lá is fiche de mhí Eanáir, 1919. Ba i dTeach an Ardmhéara a tionóladh an Dáil. Fuair Sinn Féin ollbhua sa toghchán sa bhliain 1918 in Éirinn. Dhiúltaigh baill Shinn Féin suíocháin a ghlacadh i bParlaimint na Breataine agus chuir siad tús leis an Dáil in Éirinn.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Éire aontaithe, seirbhís náisiúnta sláinte agus athrú mór – na cuspóirí atá i gcroílár fheachtas olltoghcháin Shinn Féin. Is é sin a dúirt ceannaire an pháirtí, Mary Lou McDonald, agus í ag seoladh fheachtas an pháirtí sin inniu.

Caoimhe Ní Laighin
Bhí cúis stairiúil le Teach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath a roghnú do lainseáil oifigiúil fheachtas Shinn Féin inniu.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin
Fáilte mhór romhaibh chun an teach stairiúil seo. Fáilte speisialta roimh na hiarrthóirí uile atá ag seasamh san olltoghchán – ag seasamh do Shinn Féin, ag seasamh don phobal agus ag seasamh ar son na poblachta, mar a sheas siad anseo bliain agus céad ó shin.

Caoimhe Ní Laighin
Beidh an páirtí ag díriú ar Éire a aontú, ar sheirbhís náisiúnta sláinte a bhunú agus ar athrú radacach a thabhairt isteach, má fhaigheann siad deis a bheith i gcumhacht, a deir siad. Ach, den dara huair i rith fheachtas Shinn Féin – den chéad uair tharla sé leis an gcomhairleoir, Paddy Holohan – bhí aird na meán dírithe ar ábhar eile, seachas ar phríomhchuspóirí an pháirtí.

An uair seo bhíodar ag díriú ar chinneadh conspóideach RTÉ agus Virgin, gan cead a thabhairt do Shinn Féin páirt a ghlacadh i ndíospóireacht na gceannairí.

Pearse Doherty, Sinn Féin
Tá comhairle dlí faighte againn. Síleann muidne go bhfuil sé míchothrom agus nach bhfuil sé féaráilte go bhfuil siad ag reáchtáil díospóireacht leis an dá pháirtí, Fine Gael agus Fianna Fáil.

Caoimhe Ní Laighin
Tá 42 iarrthóir ag Sinn Féin i 38 dáilcheantar. Léiríonn na pobalbhreitheanna is deireanaí go bhfuil laghdú ag teacht ar an mbearna idir Sinn Féin agus Fianna Fáil/Fine Gael.

Caoimhe Ní Laighin, Vóta 2020